Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9324/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0027 (COD)**

**CODEC 676**
**AGRILEG 84**
**SEMENCES 16**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar i bPoblacht na Moldóive ar bharra táirgthe síl plandaí farae agus ar choibhéis síl plandaí farae a tháirgtear i bPoblacht na Moldóive, agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar san Úcráin ar bharra táirgthe síl biatais agus barra táirgthe síl plandaí ola agus ar choibhéis síl biatais agus síl plandaí ola a tháirgtear san Úcráin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 5 Feabhra 2024, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Márta 2024[2].

3. An 22 Bealtaine 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] SN 6264/24 + ADD 1.
[2] IO C, C/2024/3386, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3386/oj.
[3] 9217/25.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 9/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.